| | | |
|---|---|---|
| **1.** | Cad atá tú **ag déanamh**? | What are you **doing**? |
| | An bhfuil tú **ag léamh**? | Are you **reading**? |
| | Tá. Tá mé **ag léamh**. | Yes. I am **reading**. |
| | Níl. Níl mé **ag léamh**. | No. I'm not **reading**. |
| | | |
| | **ag scríobh** | **writing** |
| | **ag ól** | **drinking** |
| | **ag ithe** | **eating** |
| | **ag damhsa** | **dancing** |
| | **ag péinteáil** | **painting** |
| | **ag siopadóireacht** | **shopping** |
| | | |
| **2.** | Cad a bhí tú **ag déanamh**? | What were you **doing**? |
| | An raibh tú **ag léamh**? | Were you **reading**? |
| | Bhí. Bhí mé **ag léamh**. | Yes. I was **reading**. |
| | Ní raibh. Ní raibh mé **ag léamh**. | No. I wasn't **reading**. |
| | | |
| **3.** | Tá an fear **ag breathnú** ar an teilifís. | The man is **watching** the television. |
| | Tá sí **ag breith** ar an liathróid. | She's **catching** the ball. |
| | Tá Peadar **ag feitheamh** liom. | Peter's **waiting** for me. |
| | Tá mé **ag éisteacht** leis an raidió. | I'm **listening** to the radio. |
| | Tá sé **ag labhairt** leis an gcailín. | He's **talking** with the girl. |
| | Tá na páistí **ag gáire** faoin madra. | The children are **laughing** at the dog. |
| | | |
| **4.** | Tá Tomás ina **chodladh**. | Tom's **sleeping**. |
| | Níl Máire ina **codladh** go fóill. | Mary's not **sleeping** yet. |
| | An bhfuil tú i do **chodladh**, a Mháire? | Are you **asleep**, Mary? |
| | Níl. Níl mé i mo **chodladh** go fóill. | No. I'm not **sleeping** yet. |
| | Tá mé i mo **luí**. | I'm **lying** down. |
| | Tá mé i mo **shuí**. | I'm **sitting** (or awake). |
| | Tá mé i mo **sheasamh**. | I'm **standing**. |
| | Tá mé i **bhfolach**. | I'm **hiding**. |

| **Comhrá 1** | **Conversation 1** |
|---|---|
| C: Dia duit, a Phádraigín. | Hi Patricia. |
| P: Dia is Muire duit, a Cháit. | Hi, Kate. |
| C: Cad atá tú **ag déanamh**? | What are you **doing**? |
| P: Tá mé **ag léamh**. Agus tusa? | I'm **reading**. And you? |
| C: Tá mise **ag scríobh** anois. | I'm **writing** now. |

| **Comhrá 2** | **Conversation 2** |
|---|---|
| A: Conas atá tú? | How are you? |
| B: Tá tuirse orm. | I'm tired. |
| A: Cad a bhí tú **ag déanamh** inniu? | What were you **doing** today? |
| B: Bhí mé **ag damhsa**. Agus tusa? | I was **dancing**. And you? |
| A: Ní raibh mise **ag damhsa**. | I wasn't **dancing**. |
| Bhí mé **ag siopadóireacht**. | I was **shopping**. |

| **Comhrá 3** | **Conversation 3** |
|---|---|
| A: An raibh tú **ag breathnú** ar an teilifís? | Were you **watching** TV? |
| B: Bhí. Bhí mé **ag breathnú** air aréir. | Yes. I was watching it last night. |
| A: Cad a tharla ar an gclár? | What happened on the program? |
| B: Bhí buachaill **ag labhairt** le cailín. | A boy was **talking** to a girl. |
| Agus bhí na páistí eile **ag gáire** faoi. | And the other kids were **laughing** at him. |
| A: Ní fhaca mise an clár sin. | I didn't see that program. |
| Bhí mé **ag éisteacht** leis an raidió aréir. | I was **listening** to the radio last night. |

| **Comhrá 4** | **Conversation 4** |
|---|---|
| A: An raibh tú **i do shuí** go luath? | Were you **awake** early? |
| B: Ní raibh. | No. |
| D'fhan mé **i mo chodladh** go déanach. | I stayed **asleep** until late. |
| A: An raibh tú **ag damhsa** aréir? | Were you **dancing** last night? |
| B: Ní raibh. Bhí mé **ag scríobh**. | No. I was **writing**. |
| A: Bhí mé féin **ag breathnú** ar an teilifís. | I myself was **watching** television. |
| B: Beidh mise **ag breathnú** ar an teilifís anocht. | I'll be **watching** television tonight. |

**Dán** **Poem** (le Síle Ní Rabhartaí)

| **An Oíche** | **The Night** |
|---|---|
| Chonaic mé an oíche **ag teacht** anuas | I saw the night **coming** down |
| Mar chóta mór dubh ar an tuath | Like a large black coat on the countryside |
| Chuala mé na páistí **ag dul** a luí, | I heard the children **going** to sleep, |
| Le torann agus brón sa seomra istigh | With noise and sorrow in the room inside |
| D'fhág mé an madra **ag tafann** amuigh | I left the dog **barking** outside |
| Go brónach san oíche **ag caoineadh** sa ghaoth. | Sadly in the night, **crying** in the wind. |